



An Bhruiséil, 6 Nollaig 2018
(OR. en)

14806/18

COSI 298
JAI 1214

TORADH NA nIMEACHTAÍ

Ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	6 Nollaig 2018
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	14578/18
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir leis an treoir straitéiseach a bheidh ann amach anseo i dtaca leis an tslándáil inmheánach - Conclúidí ón gComhairle (6 Nollaig 2018)

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an treoir straitéiseach a bheidh ann amach anseo i dtaca leis an tslándáil inmheánach, a ghlac an Chomhairle ag an 3661ú cruinniú a bhí aici ar an 6 Nollaig 2018.

Conclúidí ón gComhairle maidir leis an treoir straitéiseach a bheidh ann amach anseo i dtaca leis an tslándáil inmheánach

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS

AG FÉACHAINT don 'Chlár oibre straitéiseach don Aontas i dtráth an athraithe', a ghlac an Chomhairle Eorpach ar an 26 agus an 27 Meitheamh 2014,

Á CHUR SAN ÁIREAMH DI na 'treoirlínte straitéiseacha don phleanáil reachtach agus oibríochtúil do na blianta atá le teacht sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais' dar dáta an 27 Meitheamh 2014,

AG FÉACHAINT do na conclúidí ón gComhairle maidir leis an Straitéis Athnuaite Slándála Inmheánaí don Aontas Eorpach 2015-2020,

AG TÓGÁIL AR na conclúidí ón gComhairle maidir leis an athbhreithniú meántéarmach ar an Straitéis Athnuaite Slándála Inmheánaí don Aontas Eorpach 2015-2020,

AG FÉACHAINT do na dúshláin atá ann i dtaca leis an tslándáil inmheánach agus don ghá dá réir dul chun cinn a dhéanamh maidir le hAontas Slándála dílis,

Á CHUR SAN ÁIREAMH DI na rannchuidithe a tháinig isteach le 'próiseas Vín', próiseas ar cuireadh tús leis i mí Iúil 2017,¹ le G-6 agus le hócáidí neamhfhoirmiúla eile atá curtha ar bun ag na Ballstáit sa réimse sin,

Á CHUR SAN ÁIREAMH DI le cois na bpléití straitéiseacha eile a bhain le slándáil inmheánach an Aontais, an dearbhú² a glacadh ag Comhdháil Aireachta Phróiseas Vín i dtionól Fóram Salzburg ar an 12 agus an 13 Aibreán 2018, mar a raibh Ballstáit éagsúla rannpháirteach, agus an rún a luadh ann oibriú, i ndlúthchomhar le hUachtaránachtaí na Comhairle a bhí ann roimhe seo agus a bheidh ann amach anseo, i dtreo Aontas Slándála Eorpach atá dírithe ar shaoránaigh, a bheadh in ann géarchéimeanna a sheasamh agus a bheadh dírithe ar an todhchaí,

¹ 11968/17

² 8934/18

AG AITHINT DI an ról lárnach atá ag an mBuanchóiste um an gComhar Oibríochtúil sa tSlándáil Inmheánach (COSI), arna bhunú le hAirteagal 71 CFAE, maidir lena áirithiú go ndéantar comhar oibríochtúil a chur chun cinn agus a neartú laistigh den Aontas agus maidir leis an Straitéis Slándála Inmheánaí a fhorbairt, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh uirthi,

1. Á THABHAIRT DÁ hAIRE go gcaithfear, a bhuí le treoir straitéiseach an Aontais Eorpaigh i dtaca leis an tslándáil inmheánach, an cur chuige comhtháite iomlánaíoch a neartú i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais mar a leagtar amach i gConarthaí an Aontais, chun tacú leis na Ballstáit a bpríomhchuspóir a bhaint amach, is é sin le rá an tslándáil inmheánach a ráthú.
2. TACAÍONN SÍ le cuireadh a thabhairt do na Ballstáit, d'institiúidí an Aontais agus do chomhlachtaí ábhartha, do ghníomhaireachtaí ábhartha agus do gheallsealbhóirí ábhartha eile a bheith rannpháirteach i bpléití go luath sa phróiseas, ar pléití iad a bheidh dírithe ar an todhchaí, agus a iarraidh orthu déileáil le saincheisteanna tras-earnálacha ar bhealach cuimsitheach comhtháite.
3. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil leas á bhaint as pléití neamhfhoirmiúla ar bhonn comhlántach ad-hoc chun tacú le grinnscrúdú iomlánaíoch a dhéanamh ar shaincheisteanna ábhartha.
4. CUIREANN SÍ I bhFÁTH go bhfuil dlúth-idirghníomhaíocht ag teastáil idir na geallsealbhóirí uile san Aontas Eorpach agus sna Ballstáit féin má táthar le dul i ngleic leis na dúshlán atá ann faoi láthair i dtaca leis an tslándáil inmheánach agus go deimhin leis na dúshlán sin a bheidh ann amach anseo.
5. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur chuidigh an obair a rinneadh le linn na bpléití neamhfhoirmiúla leis na pléití maidir leis an treoir straitéiseach a bheidh ann amach anseo i dtaca leis an tslándáil inmheánach.
6. IARRANN SÍ ar na hUachtaránachtaí ábhartha amach anseo i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, tús a chur le pléití, de réir mar is iomchuí, maidir leis an treoir straitéiseach a bheidh ann amach anseo i dtaca leis an tslándáil inmheánach.
7. IARRANN SÍ ar an mBuanchóiste um an gComhar Oibríochtúil sa tSlándáil Inmheánach (COSI), de réir mar is iomchuí, i gcomhréir leis an sainordú atá aige agus i gcomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha, an treoir straitéiseach a bheidh ann amach anseo i dtaca leis an tslándáil inmheánach a phlé, mar aon leis na dúshlán is mó agus na saincheisteanna tras-earnálacha is mó a ghabhann léi.